

Faoin OCO

Seasann OCO don 'Ombudsman for Children's Office'
(An Oifig um Ombudsman do Leanaí)

Is oifig neamhspleách í an OCO, agus bunaíodh í sa bhliain 2004.

Bíonn OCO ag obair ar son cearta agus leasa leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois in Éirinn.

Is é Niall Muldoon an tOmbudsman do Leanaí agus cheap an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigín, Niall sa phost in 2015.

Tá dlí ann dar teideal An tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002 ina gcuirtear síos ar an obair is gá don OCO a dhéanamh.

Seo a leanas an obair a dhéanann an OCO:

- Daoine a chur ar an eolas faoi chearta leanaí
- A fháil amach cad iad cúiseanna imní ag leanaí agus daoine óga agus aird daoine eile a tharraingt ar an dtuairimí
- Comhairle a chur ar an Rialtas maidir le dlíthe agus pleananna a théann i bhfeidhm ar leanaí agus ar dhaoine óga
- Daoine a spreagadh le bheith ag obair ar bhealaí a léiríonn meas ar chearta leanaí agus daoine óga
- Déileáil le gearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga nó gearáin a dhéantar ar a son

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin OCO ag www.oco.ie